Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022
(OR. en)

10397/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0088(NLE)**

**SCH-EVAL 84**
**ENFOPOL 361**
**COMIX 325**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9737/22 |
| Ábhar: | Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an **Ísiltír** i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an **chomhair póilíneachta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i dtaca leis an gcomhar póilíneachta, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 17 Meitheamh 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair póilíneachta i dtaca leis an Ísiltír i mí na Bealtaine 2021. Tar éis na meastóireachta, tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta, glacadh í le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)970 ón gCoimisiún.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Sainaithníodh roinnt dea-chleachtas sa mheastóireacht. Cuireann údaráis phóilíneachta na hÍsiltíre Samhail Roghnúcháin Cainéal i bhfeidhm, ar samhail éigeantach í lena gcinntear an cainéal le haghaidh iarrataí idirnáisiúnta amach agus lena leagtar amach critéir chun measúnú a dhéanamh ar phráinn na gcásanna agus an clár oibre náisiúnta slándála á chur san áireamh. Déanann foirne speisialta póilíneachta trasteorann, ar a bhfuil oifigigh forfheidhmithe dlí na Gearmáine agus na hÍsiltíre, patróil chomhpháirteacha bunaithe ar fhaisnéis. Tá gléasanna móibíleacha ag oifigigh phóilíneachta na hÍsiltíre, a thugann rochtain dóibh ar fholáirimh idirnáisiúnta ach a thugann uirlisí dóibh freisin le haghaidh comhar idirnáisiúnta póilíneachta.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais a dhéanfaidh an Ísiltír chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí cur chun feidhme 1 go 6.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 6 mhí tar éis a ghlactha, ba cheart don Ísiltír, de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, measúnú a sholáthar don Choimisiún maidir le cur chun feidhme féideartha na moltaí le haghaidh feabhsuithe mar aon le cur síos ar pé gníomhaíochtaí dá mbeidh de dhíth

Á MHOLADH:

gur cheart don Ísiltír

**Straitéis an mheasúnaithe riosca, anailís riosca agus táirgí anailíseacha comhchosúla**

1. bailchríoch a chur ar chur chun feidhme na straitéise nua maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta;

2. modheolaíocht chomhpháirteach maidir le hanailís riosca a fhorbairt leis na Ballstáit chomharsanachta chun tacú le comhar póilíneachta trasteorann;

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí idirnáisiúnta**

3. córas coiteann agus uathoibrithe bainistithe cásanna a chur i bhfeidhm don Phointe Teagmhála Aonair, ina bhfuil inneall sreafa oibre agus lena gcomhtháthaítear na cainéil idirnáisiúnta go léir;

4. an feidhmchlár cuardaigh náisiúnta (MEOS) a fheabhsú ionas go mbeidh na gníomhaíochtaí atá le déanamh soiléir go leor;

5. rochtain ar Chóras Faisnéise Europol a leathnú chuig aonaid imscrúdaitheacha;

6. rochtain iomlán fhrithpháirteach a áirithiú ar bhunachair sonraí oibríochtúla a chéile do na Póilíní Náisiúnta agus do Marechaussée;

7. rochtain ríomhaireachta a fhorbairt ar chláir de bhunaíochtaí a chuireann cóiríocht ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 45 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

**Comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha**

8. sásra foirmiúil athbhreithniúcháin a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú déthaobhach leis an nGearmáin maidir le comhar póilíneachta i bhfianaise nuashonruithe a d’fhéadfaí a dhéanamh bunaithe ar na dea-chleachtais a forbraíodh le déanaí faoi chomhaontú Senningen;

**Comhar oibríochtúil trasteorann**

9. idir-inoibritheacht agus cumhdach na teileachumarsáide raidió trasteorann leis an nGearmáin a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 44 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme;

**Eitic fórsaí póilíneachta**

10. feasacht a mhéadú i measc na bpóilíní maidir le modhanna chun iompraíocht mhí-eiticiúil a thuairisciú agus sineirgíocht a áirithiú idir na húdaráis mhóra forfheidhmithe dlí i dtaca lena gcur chuige anailíse riosca mar chuid dá straitéisí um ionracas;

**Oiliúint**

11. na gnéithe oideachais atá ann cheana a bhailiú agus a leathnú maidir le huirlisí comhair póilíneachta idirnáisiúnta a úsáid i gcúrsaí oiliúna tiomnaithe atá curtha in oiriúint do phróifílí éagsúla, amhail oibreoirí ag an bPointe Teagmhála Aonair.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*